Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5052/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0436 (NLE)**

**ECOFIN 6**
**UEM 2**
**FIN 3**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 3 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeaonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a maholú sa chás éigeandála tar éis ráig COVID-19 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 3 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 3 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.1.2022
COM(2022) 3 final

2021/0436 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú sa chás éigeandála tar éis ráig COVID-19

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Leagtar síos le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle ('Rialachán SURE') an creat dlíthiúil chun cúnamh airgeadais ón Aontas a sholáthar do na Ballstáit, atá faoi shuaitheadh eacnamaíoch tromchúiseach, nó a bhfuil dianbhagairt orthu, de bharr ráig COVID-19. Maoinítear leis an tacaíocht faoi SURE, go príomha, scéimeanna oibre gearr-ama nó bearta comhchosúla atá dírithe ar fhostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint agus ar an gcaoi sin an dífhostaíocht agus an caillteanas ioncaim a laghdú, chomh maith le roinnt beart a bhaineann leis an tsláinte, go háirithe san áit oibre, a mhaoiniú, mar chuid choimhdeach.

An 25 Meán Fómhair 2020, dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais don Phortaingéil d'fhonn cur leis na hiarrachtaí náisiúnta atá ar siúl aici chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige a bheidh ann d'oibrithe agus do na daoine féinfhostaithe.

An 9 Nollaig 2021, d'iarr an Phortaingéil ar an Aontas cur le liosta na mbeart ar dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais ina leith i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle.

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán SURE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húdaráis na Portaingéile chun fíorú a dhéanamh maidir leis an mórmhéadú tobann ar chaiteachas iarbhír agus ar chaiteachas pleanáilte a bhaineann go díreach le bearta maidir le margadh saothair na Portaingéile agus bearta a bhaineann leis an tsláinte, ar bearta iad atá ann mar thoradh ar phaindéim COVID-19. Baineann na bearta sin go háirithe le bearta nua arna gcur chun feidhme ag an bPortaingéil:

(a) an scéim tacaíochta urghnách d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar a n-ioncam.

I gcás na n-oibrithe féinfhostaithe, soláthraítear leis an mbeart sochar atá cothrom le dhá thrian den titim in ioncam míosúil na n-oibrithe, idir an meán míosúil de réir an ráitis ioncaim ráithiúil is déanaí agus an mheáin mhíosúil de 2019, le huasteorainn de EUR 501.16. Is iad oibrithe féinfhostaithe incháilithe na daoine a bhfuil titim san ioncam acu de 40 % ar a laghad sa tréimhse ó mhí Márta go mí na Nollag 2020, i gcomparáid le 2019.

I gcás na n-oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, soláthraítear an méid seo a leanas leis an mbeart: (i) d'fhostaithe, sochar atá cothrom leis an difríocht idir an luach tagartha míosúil de EUR 501.16 agus an meánphá míosúil in aghaidh an duine fhásta sa teaghlach lena mbaineann; nó, (ii) d'oibrithe féinfhostaithe, sochar atá cothrom le dhá thrian den titim in ioncam míosúil na n-oibrithe, idir an meán míosúil de réir an ráitis ioncaim ráithiúil is déanaí agus an mheáin mhíosúil de 2019, le huasteorainn de EUR 501.16.

I gcás bainisteoirí, foráiltear leis an mbeart sochar atá cothrom lena meánphá míosúil tagartha nuair atá sé níos lú ná 1.5 oiread innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile (EUR 438.81), nó le dhá thrian dá meánphá míosúil tagartha nuair atá sé cothrom leis an innéacs thuasluaite nó níos mó ná sin. Is iad bainisteoirí incháilithe na daoine a bhfuil a ngníomhaíocht ghnó ar fionraí go sealadach de bharr phaindéim COVID-19,

nó na daoine a bhfuil caillteanais ioncaim acu de 40 % ar a laghad sna 30 lá roimh an iarraidh ar thacaíocht, i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin, nó leis an meán míosúil den dá mhí roimh an tréimhse sin.

I ngach cás, tá íosteorainn ag an sochar atá cothrom le EUR 50, a mhéadófar go 50 % den titim san ioncam míosúil a thugtar faoi deara nuair atá an titim sin idir 50 % agus 100 % d'innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile, nó EUR 219.40 nuair atá an titim san ioncam níos mó ná an t-innéacs thuasluaite.

(b) an scéim tacaíochta sóisialta d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile. Foráiltear leis an mbeart maidir le sochar míosúil atá cothrom le hinnéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile (EUR 438.81).

(c) fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim.

Chuir an Phortaingéil an fhaisnéis ábhartha ar fáil don Choimisiún.

Agus an fhianaise atá ar fáil á cur san áireamh, molann an Coimisiún don Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh chun cur le liosta na mbeart ar dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais ina leith cheana féin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle.

Is é EUR 1 513 823 304 an méid atá sna bearta a bhaineann leis an tsláinte, de réir mar a d'iarr an Phortaingéil, lena n-áirítear na bearta sláinte breise a iarradh an 9 Nollaig 2021.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo iomlán comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle, faoina ndéantar an togra.

Cuireann an togra seo le hionstraim dlí eile de chuid an Aontais um thacaíocht a sholáthar do Bhallstáit i gcás éigeandálaí, mar atá Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh ('Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002'). Glacadh Rialachán (AE) 2020/461 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Márta, lena leasaítear an ionstraim sin chun a raon feidhme a leathnú chun go gcumhdófar móréigeandálaí sláinte poiblí agus chun oibríochtaí sonracha is incháilithe do mhaoiniú a shainiú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo mar chuid de réimse beart arna fhorbairt mar fhreagairt ar phaindéim reatha COVID-19, amhail 'an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas', agus comhlántar leis ionstraimí eile a thacaíonn le fostaíocht amhail Ciste Sóisialta na hEorpa agus Ciste na hEorpa d'Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)/InvestEU. Trí úsáid a bhaint as iasachtaí a fháil agus a thabhairt ar mhaithe le tacú leis na Ballstáit i gcás áirithe seo na ráige de COVID-19, is togra é seo atá mar bheart cosanta tánaistí chun scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a mhaoiniú, rud a chuideoidh le poist a chosaint agus, ar an gcaoi sin, fostaithe agus daoine féinfhostaithe a chosaint ar riosca na dífhostaíochta.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle is bunús dlí don ionstraim seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Leanann an togra seo iarraidh ó Bhallstát agus léirítear ann dlúthpháirtíocht na hEorpa trí cúnamh airgeadais an Aontais a chur ar fáil i bhfoirm iasachtaí sealadacha do Bhallstáit a bhfuil ráig COVID-19 ag dul i bhfeidhm orthu. Mar bheart cosanta tánaistí, is amhlaidh is tacaíocht é do chaiteachas poiblí méadaithe an rialtais, tacaíocht shealadach i leith scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta eile den chineál sin, rud is cúnamh dóibh i gcosaint na bpost agus dá réir sin i gcosaint na bhfostaithe ar riosca na dífhostaíochta agus caillteanais ioncaim.

Leis an tacaíocht sin, cuideofar leis an bpobal atá buailte agus leis an tionchar díreach sochaíoch agus eacnamaíoch a d'eascair as géarchéim COVID-19 seo a mhaolú.

- **Comhréireacht**

Urramaítear leis an togra seo prionsabal na comhréireachta. Ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na hionstraime a bhaint amach.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leis an togra a ullmhú ionas go bhféadfaidh an Chomhairle é a ghlacadh go tráthúil, ní fhéadfaí comhairliúchán a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara.

- **Measúnú tionchair**

Ós togra práinneach é an togra, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ba cheart go bhféadfadh an Coimisiún iasachtaí a chur i gconradh ar na margaí airgeadais, beart arb é críoch a bheadh leis na hiasachtaí sin a ligean chomh fada leis an mBallstát a d'iarr cúnamh airgeadais faoi scáth ionstraim SURE.

Mar aon le soláthar ráthaíochtaí na mBallstát, tá coimircí eile ina mbunchuid den chreat ionas gur scéim í a bheidh daingean ó thaobh an airgeadais de:

- Cur chuige dian coimeádach i leith na bainistíochta airgeadais;
- Déanamh a bheith ar an bpunann iasachtaí lena dteorannaítear riosca comhchruinnithe, neamhchosaint bhliaintúil agus neamhchosaint iomarcach do Bhallstáit aonair agus lena n-áirithítear ag an am céanna gurbh fhéidir acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do na Ballstáit is mó a bhfuil gá acu leo; agus
- Féidearthachtaí a bheith ann leis na fiacha a thar-rolladh.

2021/0436 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú sa chás éigeandála tar éis ráig COVID-19**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19[1], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar thoradh ar iarraidh ón bPortaingéil an 11 Lúnasa 2020, dheonaigh an Chomhairle cúnamh airgeadais don Phortaingéil an 25 Meán Fómhair 2020 i bhfoirm iasacht d'uasmhéid EUR 5 934 462 488 a bhfuil meánaibíocht uasta 15 bliana aici, d'fhonn cur le hiarrachtaí náisiúnta na Portaingéile chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige a bheidh ann d'oibrithe agus do na daoine féinfhostaithe.

(2) D'úsáid Poblacht na Portaingéile an iasacht chun scéimeanna oibre gearr-ama, bearta comhchosúla agus bearta a bhaineann leis an tsláinte a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle[2].

(3) Níl cuid shuntasach den fhórsa saothair sa Phortaingéil in ann dul ag obair de dheasca ráig COVID-19. Is é is toradh léi mórmhéadú tobann ar chaiteachas poiblí sa Phortaingéil i leith na mbeart nua a thug an Phortaingéil isteach, eadhon an scéim tacaíochta urghnách d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar a n-ioncam, an scéim tacaíochta sóisialta d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile, agus fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim.

(4) Bhí tionchar suntasach ar an airgeadas poiblí ag ráig COVID-19 agus na bearta urghnácha a chuir an Phortaingéil i bhfeidhm in 2020 agus 2021 chun srian a choinneáil ar an ráig sin, agus ag na tionchair shocheacnamaíocha agus sláinte lena mbaineann, agus tá fós. Bhí easnamh agus fiachas an rialtais ghinearálta ag an bPortaingéil de 5.7 % agus de 133.6 % d'olltáirgeacht intíre (OTI), faoi seach, faoi

---

[1] IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú sa chás éigeandála tar éis ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 49).

dheireadh 2020. De réir réamhaisnéis an fhómhair ón gCoimisiún, tuartar go dtiocfar laghdú ar easnamh agus fiachas an rialtais ghinearálta de chuid na Portaingéile go 4.5 % agus go 128.1 % d'OTI, faoi seach, in 2021, agus tuartar go dtiocfaidh méadú de 4.5 % ar OTI na Portaingéile in 2021.

(5) An 9 Nollaig 2021, d'iarr an Phortaingéil ar an Aontas cur le liosta na mbeart ar deonaíodh cúnamh airgeadais ina leith cheana féin i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle d'fhonn cur leis na hiarrachtaí náisiúnta arna ndéanamh in 2020 agus 2021 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe agus do na daoine féinfhostaithe. Go háirithe, baineann sé leis na bearta a leagtar amach in aithrisí 6 agus 7.

(6) Le 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig'[3] agus 'Ordanás Uimh. 19-A/2021 ón Rialtas an 25 Eanáir'[4] ina dhiaidh sin, dá dtagraítear san iarraidh ón bPortaingéil an 9 Nollaig 2021, tugtar isteach scéim tacaíochta urghnách d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar a n-ioncam.

I gcás na n-oibrithe féinfhostaithe, soláthraítear leis an mbeart sochar atá cothrom le dhá thrian den titim in ioncam míosúil na n-oibrithe, idir an meán míosúil de réir an ráitis ioncaim ráithiúil is déanaí agus an mheáin mhíosúil de 2019, le huasteorainn de EUR 501.16. Is iad oibrithe féinfhostaithe incháilithe na daoine a bhfuil titim san ioncam acu de 40 % ar a laghad sa tréimhse ó mhí Márta go mí na Nollag 2020, i gcomparáid le 2019.

I gcás na n-oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, foráiltear an méid seo a leanas leis an mbeart: (i) d'fhostaithe, sochar atá cothrom leis an difríocht idir an luach tagartha míosúil de EUR 501.16 agus an meánphá míosúil in aghaidh an duine fhásta sa teaghlach lena mbaineann; nó, (ii) d'oibrithe féinfhostaithe, sochar atá cothrom le dhá thrian den titim in ioncam míosúil na n-oibrithe, idir an meán míosúil de réir an ráitis ioncaim ráithiúil is déanaí agus an mheáin mhíosúil de 2019, le huasteorainn de EUR 501.16.

I gcás bainisteoirí, foráiltear leis an mbeart sochar atá cothrom lena meánphá míosúil tagartha nuair atá sé níos lú ná 1.5 oiread innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile (EUR 438.81), nó le dhá thrian dá meánphá míosúil tagartha nuair atá sé cothrom leis an innéacs thuasluaite nó níos mó ná sin. Is iad bainisteoirí incháilithe na daoine a bhfuil a ngníomhaíocht ghnó ar fionraí go sealadach de bharr phaindéim COVID-19, nó na daoine a bhfuil caillteanais ioncaim acu de 40 % ar a laghad sna 30 lá roimh an iarraidh ar thacaíocht, i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin, nó leis an meán míosúil den dá mhí roimh an tréimhse sin.

I ngach cás, tá íosteorainn ag an sochar atá cothrom le EUR 50, a mhéadófar go 50 % den titim san ioncam míosúil a thugtar faoi deara nuair atá an titim sin idir 50 % agus 100 % d'innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile, nó go EUR 219.40 nuair atá an titim san ioncam níos mó ná an t-innéacs thuasluaite.

(7) Le 'Iarscríbhinn a ghabhann le Rún ó Chomhairle na nAirí Uimh. 41/2020 an 6 Meitheamh'[5] agus 'Ordanás Uimh. 180/2020 ón Rialtas an 3 Lúnasa'[6] agus 'Ordanás

---

3 '*Diário da República n.º 253/2020, 1º Suplemento, Série I de 2020-12-31*', lgh. 171-(2) go 171-(288).

4 '*Diário da República n.º 16/2021, 1º Suplemento, Série I de 2021-01-25*', lgh. 25-(2) go 25-(8).

5 '*Diário da República n.º 110-A/2020, Série I de 2020-06-06*', lgh. 3 go 37.

6 '*Diário da República n.º 149/2020, Série I de 2020-08-03*', lgh. 19 go 25.

Uimh. 37-A/2021 an 15 Feabhra'[7] ina dhiaidh sin, dá dtagraítear san iarraidh ón bPortaingéil an 9 Nollaig 2021, tugtar scéim tacaíochta sóisialta isteach d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile. Foráiltear leis an mbeart maidir le sochar míosúil atá cothrom le hinnéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile (EUR 438.81).

(8) Thug an Phortaingéil sraith beart sláinte nua isteach freisin, bearta a chuir sí chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar ráig COVID-19. Go háirithe, baineann sé leis na bearta a leagtar amach in aithris 9.

(9) Le 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta'[8] agus 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2021 an 2 Feabhra'[9] ina dhiaidh sin, dá dtagraítear san iarraidh ón bPortaingéil an 9 Nollaig 2021, foráiltear maidir le fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim. Go háirithe, rinneadh an nós imeachta riaracháin atá mar bhonn le fruiliú oibrithe ar chonarthaí ar théarma seasta ag an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte, rinneadh an nós imeachta sin a chuíchóiriú, agus fostaíodh dochtúirí agus altraí breise ó thosaigh ráig phaindéim COVID-19. Thairis sin, cuireadh na teorainneacha dlíthiúla maidir le ragobair a bhí á déanamh ag státseirbhísigh ar fionraí sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte agus bhíothas in ann sealanna a eagrú trí obair bhreise ó shaindochtúirí agus ó shainaltraí, más gá, chun déileáil le paindéim COVID-19.

(10) Comhlíonann an Phortaingéil na coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an Phortaingéil fianaise chuí ar fáil don Choimisiún a léiríonn go bhfuil méadú de EUR 5 934 462 488 tagtha ar chaiteachas poiblí iarbhír agus ar chaiteachas poiblí pleanáilte amhail ón 1 Feabhra 2020 mar thoradh ar na bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é seo mar go mbaineann sé freisin le bearta nua a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla lena gcumhdaítear cuid shuntasach de ghnóthais agus de lucht saothair na Portaingéile.

(11) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an bPortaingéil chun fíorú a dhéanamh maidir leis an mórmhéadú tobann ar chaiteachas poiblí iarbhír agus ar chaiteachas poiblí pleanáilte a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla, chomh maith le bearta sláinte a bhaineann le ráig COVID-19, dá dtagraítear san iarraidh an 9 Nollaig 2021, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.

(12) Is é EUR 1 513 823 304 an méid atá sna bearta a bhaineann leis an tsláinte, de réir mar a d'iarr an Phortaingéil, lena n-áirítear na bearta sláinte breise dá dtagraítear in aithris 9.

(13) Ba cheart na bearta nua a thug an Phortaingéil isteach a chumhdach le cúnamh airgeadais arna dheonú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 cheana féin, dá dtagraítear in aithrisí 6, 7 agus 9.

(14) Ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nósanna imeachta a d'fhéadfaí a chur ar bun a bhaineann le saobhadh fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe de bhun Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sáraítear

[7] '*Diário da República n.º 31/2021, 1º Suplemento, Série I de 2021-02-15*', lgh. 21-(2) go 21-(11).
[8] '*Diário da República n.º 52/2020, 1º Suplemento, Série I de 2020-03-13*', lgh. 22-(2) go 22-(13).
[9] '*Diário da República n.º 22/2021, 2º Suplemento, Série I de 2021-02-02*', lgh. 15-(15) go 15-(19).

an ceanglas atá ar na Ballstáit cásanna státchabhrach a fhéadfadh a bheith ann a chur in iúl don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh.

(15) Ba cheart don Phortaingéil an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn rialta maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe, chun an Coimisiún a chumasú measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Phortaingéil an caiteachas sin chun feidhme.

(16) Rinneadh an cinneadh chun cúnamh airgeadais a sholáthar agus riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha na Portaingéile á gcur san áireamh, chomh maith le hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2020/672 a cuireadh isteach cheana nó atá beartaithe le cur isteach ag Ballstáit eile, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 mar a leanas:*

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

‘Airteagal 3

Is féidir leis an bPortaingéil na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) an tacaíocht chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagail 298 go 308 de ‘Dlí Uimh. 7/2009 an 12 Feabhra’;

(b) an tacaíocht speisialta nua agus simplithe chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in ‘Dlí Foraithne Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta’ agus Airteagal 2 de ‘Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh’, arna leasú le hAirteagal 142 de ‘Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig’;

(c) na gairmchláir speisialta chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagail 5(2) agus 7 go 9 de ‘Dlí Foraithne Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta’;

(d) an tacaíocht speisialta nua do ghnólachtaí chun gníomhaíocht ghnó a atosú, dá bhforáiltear in Airteagail 4(1) go (7) agus (10) go (12) agus Airteagal 5 de ‘Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh’, agus in Airteagal 14-A de ‘Dlí Foraithne Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil’, mar a cuireadh isteach le hAirteagal 4 de ‘Dlí Foraithne Uimh. 6-C/2021 an 15 Eanáir’;

(e) an forlíonadh cobhsaithe ioncaim nua d’fhostaithe a chumhdaítear leis na scéimeanna tacaíochta dá dtagraítear i bpointí (a), (b) nó (c) chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre dá bhforáiltear in Airteagal 3 de ‘Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh’, arna leasú le ‘Dlí Foraithne Uimh. 58-A/2020 an 14 Lúnasa’;

(f) an tacaíocht speisialta nua agus forásach chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in 'Dlí Foraithne Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil' arna leasú le hAirteagal 142 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig';

(g) an tacaíocht speisialta nua d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe neamhfhoirmiúla agus do chomhpháirtithe bainistíochta dá bhforáiltear in Airteagail 26 go 28-A de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú le hAirteagal 5 de 'Dlí Foraithne Uimh. 20-C/2020 an 7 Bealtaine', agus Airteagal 325-G de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', mar a cuireadh isteach le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil';

(h) an liúntas teaghlaigh d'oibrithe nach féidir leo a bheith ag obair de bharr gur gá cúnamh a thabhairt dá bpáistí atá faoi 12 bhliain d'aois nó do chleithiúnaithe eile, dá bhforáiltear le hAirteagal 23 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';

(i) an tacaíocht speisialta chun conarthaí fostaíochta oiliúnóirí a choinneáil i bhfianaise na gairmoiliúna a cuireadh ar ceal dá bhforáiltear in 'Ordú Rialtais Uimh. 3485-C/2020 an 17 Márta', 'Ordú Rialtais Uimh. 4395/2020 an 10 Aibreán' agus 'Ordú Rialtais Uimh. 5897-B/2020 an 28 Bealtaine';

(j) na bearta réigiúnacha a bhaineann le fostaíocht i réigiún féinrialaitheach na nAsór dá bhforáiltear in 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 97/2020 an 8 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 120/2020 an 28 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 128/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 129/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 195/2020 an 15 Iúil', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 196/2020 an 15 Iúil' agus 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 200/2020 an 17 Iúil';

(k) na bearta réigiúnacha a bhaineann le fostaíocht i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara, dá bhforáiltear in 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach Mhaidéara Uimh. 101/2020 an 13 Márta' agus 'Ordanás Uimh. 133-B/2020 ó Leas-Uachtaránacht Rialtas Réigiúnach Mhaidéara agus ón Rúnaíocht Réigiúnach um Chuimsiú Sóisialta agus Saoránacht an 22 Aibreán';

(l) an liúntas d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe atá i leithlisiú próifiolacsach dá bhforáiltear in Airteagail 19 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta' agus Airteagal 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil';

(m) an liúntas breoiteachta de bharr tolgadh COVID-19 dá bhforáiltear in 'Ordú Rialtais Uimh. 2875-A/2020 an 3 Márta', Airteagal 20 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', agus Airteagal Uimh. 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil';

(n) trealamh cosanta pearsanta a cheannach a úsáidfear san ionad oibre, go háirithe in ospidéil phoiblí dá bhforáiltear in Norm Uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine, arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus in Norm Uimh. 013/2020 an 10 Iúil, arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile, chomh maith le sna aireachtaí líne,

i mbardais agus i réigiúin fhéinrialaitheacha na nAsór agus Maidéara dá bhforáiltear in Airteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';

(o) an feachtas um shláinteachas scoile dá bhforáiltear in Airteagal 9 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';

(p) tástáil i leith tolgadh COVID-19 a dhéanamh ar othair cónaitheacha agus ar oibrithe in ospidéil phoiblí, chomh maith le ar fhostaithe i dtithe altranais agus in áiseanna cúram leanaí, dá bhforáiltear go háirithe in Norm uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine, arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus in Norm Uimh. 013/2020 an 10 Iúil, arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile;

(q) an cúiteamh speisialta nua d'oibrithe sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte a bhfuil baint acu sa troid in aghaidh ráig COVID-19 dá bhforáiltear in Airteagal 42-A de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', agus le hAirteagal 291 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig';

(r) an scéim tacaíochta urghnách d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a raibh tionchar ar leith ag paindéim COVID-19 ar a n-ioncam, dá bhforáiltear in Airteagal 156 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig' agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointí (2) (c) go (f) sa dlí, mar a shonraítear a thuilleadh in 'Ordanás Uimh. 19-A/2021 ón Rialtas an 25 Eanáir';

(s) an scéim tacaíochta sóisialta d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile dá bhforáiltear i bpointe 2.5.1 de 'Iarscríbhinn a ghabhann le Rún ó Chomhairle na nAirí Uimh. 41/2020 an 6 Meitheamh', mar a shonraítear a thuilleadh in Airteagail 10 go 12 de 'Ordanás Uimh. 180/2020 ón Rialtas an 3 Lúnasa' agus mar a chuirtear síneadh leis le hAirteagail 5 go 7 de 'Ordanás Uimh. 37-A/2021 an 15 Feabhra';

(t) fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim, dá bhforáiltear in Airteagal 6 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020' an 13 Márta agus in Airteagail 5 go 8 de 'Dlí Foraithne' Uimh. 10-A/2021 an 2 Feabhra.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'Airteagal 4

1. Cuirfidh an Phortaingéil an Coimisiún ar an eolas faoin 30 Márta 2021, agus gach sé mhí ina dhiaidh sin, maidir le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe go dtí go gcuirfear an caiteachas sin chun feidhme ina iomláine.

2. De bhrí go bhfuil na bearta dá dtagraítear in Airteagal 3 bunaithe ar chaiteachas poiblí atá beartaithe agus go bhfuil siad tar éis a bheith faoi réir Cinneadh Cur Chun Feidhme lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354, cuirfidh an Phortaingéil an Coimisiún ar an eolas laistigh de 6 mhí ón dáta a glacadh an cinneadh sin, agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, maidir

le cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí atá beartaithe go dtí go gcuirfear an caiteachas sin chun feidhme ina iomláine.’

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo ar Phoblacht na Portaingéile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*